

Misneach


Séideán Sí



Anna Ní Chartúir
Steve Simpson a mhaisigh

Misneach

Anna Ní Chartúir
Steve Simpson a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath



‘Ní haon dragún ceart tusa,’ arsa
na hainmhithe leis an dragún.
‘Ní féidir leat eitilt. Ní féidir leat
lasracha a scaoileadh as do bhéal.’

‘Ní ritheann daoine uait nuair
a fheiceann siad ag teacht tú,’
arsa na hainmhithe.

An dragún bocht. Bhí sé trína chéile.
'Ní féidir liom eitilt. Ní féidir liom
lasracha a scaoileadh as mo bhéal,'
ar seisean.



'Ní ritheann daoine uaim nuair
a fheiceann siad ag teacht mé,'
arsa an dragún.



Nuair a chuala na sióga é seo bhí
trua acu don dragún.
'An dragún bocht!' a dúirt siad
le chéile.



Labhair na sióga leis an dragún.
'Tar in éineacht linne go Dún na Sí,'
a dúirt siad leis.



Siúd leis na sióga go Dún na Sí
agus an dragún in éineacht leo.

Istigh sa dún chonaic an dragún doras mór. Bhí fógra ar an doras.



Isteach leis na sióga sa seomra.
Isteach leis an dragún ina ndiaidh.



Thosaigh na sióga ag oscailt
na gcófraí.

‘An bhfuil sé faighte fós agaibh?’
arsa Síle Sióg tar éis tamaill.

‘Níl,’ arsa Sibéal.




Go tobann lig Aoife béic aisti.
'Tá sé agam!' ar sise agus í ag
tógáil buidéil amach as cófra.



Bhí an focal 'Misneach' scríofa i
litreacha móra ar an mbuidéal.





Shín Aoife an buidéal chuig an dragún.
'Is deoch dhraíochta atá sa bhuidéal seo,' ar sise leis. 'Má ólann tú an deoch seo beidh misneach agat.'

'Scaoilfidh tú lasracha as do bhéal,'
arsa Sibéal.
'Agus rithfidh daoine uait nuair
a fheicfidh siad ag teacht tú,'
arsa Síle.



‘Go maith,’ arsa an dragún agus thosaigh sé ag ól as an mbuidéal.

Bhí an dragún breá sásta leis féin.



‘Is dragún ceart anois tú,’ arsa Síle leis.

‘Agus Misneach an t-ainm nua atá ort,’ arsa Aoife.

‘Misneach,’ arsa an dragún. ‘Sin ainm deas.’

Amach leo as an dún ansin.





‘Ní haon dragún ceart tusa,’ arsa na hainmhithe leis an dragún nuair a chonaic siad ag teacht é.

‘Ní féidir leat eitilt. Ní féidir leat lasracha a scaoileadh as do bhéal. Ní ritheann daoine uait nuair a fheiceann siad ag teacht tú.’



Leis sin d'oscail an dragún a bhéal.
Lig sé béic as.
'Is dragún ceart anois mé,'
ar seisean.
Thosaigh na hainmhithe ag gáire
faoi.



Ach ansin scaoil an dragún lasracha
móra amach as a bhéal.



Baineadh geit
as na hainmhithe.
'Is dragún ceart é,'
a dúirt siad le chéile.
'Is féidir leis lasracha a scaoileadh
as a bhéal! Rithigí uaidh!'



Shín Misneach amach a sciatháin agus thosaigh sé ag eitilt. D'eitil sé suas agus d'eitil sé síos.

'Táim ag eitilt. Táim ag eitilt!' ar seisean.

'Tá tú ag déanamh go maith,' arsa na sióga leis.

'Tá sé ag eitilt,' arsa na hainmhithe le chéile. 'Rithigí uaidh! Rithigí uaidh!' Rith na hainmhithe soir agus siar. D'eitil Misneach ina ndiaidh.



Tar éis tamaill bhuail tuirse é agus stop sé den eitilt.



‘Go raibh míle maith agaibh,’ arsa Misneach leis na sióga. ‘Is dragún ceart anois mé.’

Is dragún ceart anois mé.



Agus abhaile leis go sásta.

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006
Obair ealaíne © Steve Simpson, 2006

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Steve Simpson

xxxxxxxxx a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

An dragún bocht.
Bhí sé trína chéile.